

ELeathanach288

Dé Luain 12 Márta 2018

Tá 'snámhphost' agat!

Tá a fhios agat an chiall atá le *ríomhphost*. Ach ar chuala tú faoi *shnámhphost* riamh? Bíonn sé an-mhall! Bíonn nóta i mbuidéal ag snámh go trá éigin áit éigin ar domhan!

I mí Eanáir ar chósta thiar na hAstráile, tháinig teaghlach ar bhuidéal ar thrá chiúin. Thug siad faoi deara go raibh nóta ann. Nuair a thóg siad amach é chonaic siad an dáta 1886 air! Tríd an idirlíon fuair siad amach gur tháinig sé ó long Ghearmánach a bhí ag taisteal ón mBreatain Bheag go dtí an Indinéis.

Mar chuid de staidéar farraige, chaith an fhoireann na buidéil seo amach ón long. Tháinig an ceann seo trasna na farraige agus bhí sé ina luí ar an trá sin go dtí tús na bliana seo. Sin an 'teachtaireacht i mbuidéal' is sine atá againn anois. Tá sé ar taispeáint in iarsmalann Astráileach anois.



Bhí nóta sa bhuidéal agus an dáta 1886 air.

Ceiliúradh ar Bhratach Thrídhathach na hÉireann

Bhí bratach na hÉireann le feiceáil ag an gcluiche idirnáisiúnta rugbaí agus ina lán áiteanna eile. An tseachtain seo beidh sí ar foluain go bródúil ar fud na tíre agus thar sáile freisin. Seo Seachtain na Gaeilge, agus beidh Lá Fhéile Pádraig ann Dé Sathairn.

Dé Céadaoin seo caite bhí a breithlá ag an mbratach náisiúnta. 170 bliain ó shin i bPort Láirge, d'ardaigh Thomas Francis Meagher an bhratach thrídhathach den chéad uair. Tá ár mbratach náisiúnta bunaithe ar bhratach na Fraince.



Bratach na hÉireann ar foluain.

Seachtain na Gaeilge 2018

Tá Seachtain na Gaeilge ar siúl faoi láthair. Mar sin tá níos mó daoine ag úsáid na Gaeilge. B'fhéidir gur chuala tú níos mó Gaeilge á labhairt ar an raidió agus ar an teilifís.

Bíonn a lán imeachtaí Gaelacha ar siúl sna scoileanna freisin. Go minic bíonn comórtas filíochta nó ealaíne ar siúl, chomh maith le céilí agus seisiún ceoil.

Tá Gaeltachtaí i seacht gcinn de chontaetha na hÉireann - an bhfuil tú in ann na contaetha sin a aimsiú ar an léarscáil?

Agus tá Gaeltacht eile ann thar sáile. Tá sí i gCeanada. Agus bíonn daoine ar fud an domhain ag labhairt na Gaeilge gach lá ar an idirlíon. An Chibear-Ghaeltacht an leasainm atá air sin.



Tá níos mó eolais faoi Sheachtain na Gaeilge ar fáil ar an suíomh www.snag.ie



An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

